



## **Eolas tábhachtach maidir le ceisteanna a bhaineann le riarachán scoile le linn na géarchéime sláinte poiblí seo**

Beidh gach scoil dúnta do scoláirí go dtí an 19 Aibreán 2020. Foinn gcomhairle nua sláinte poiblí, beidh gach scoil dúnta do bhaill foirne go dtí an 12 Aibreán ach amháin i gcúinsí teoranta áirithe. Glacadh an cinneadh i ndiaidh comhairle a fháil ón FNÉSP (An Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí) mar chuid de na hiarrachtaí ar scaipeadh Covid-19 a shrianadh.

Is mór ag an Roinn an iarracht ollmhór atá á déanamh ag scoileanna chun leanúnachas san fhoghlaim a sholáthar do scoláirí. Chomh maith le leanúnachas sa teagasc agus san fhoghlaim a sholáthar ag an am seo agus lena chinntiú nach gcuirfear isteach ar fheidhmiú scoileanna ach a laghad is féidir, tá sé tábhachtach go leanfaí ar aghaidh ag cur obair riaracháin eile chun cinn, agus ar an mbealach sin a chinntiú go dtiocfaidh scoileanna chucu féin go tapa agus go mbeidh siad réidh le hathoscailt de réir comhairle sláinte poiblí.

### **Obair phleanála agus ullmhúcháin don scoilbhliain 2020/21**

Tá an t-am seo den scoilbhliain an-tábhachtach maidir le hobair phleanála agus ullmhúcháin chun go gcuirfear tús éasca leis an scoilbhliain dár gcionn.

San áireamh san obair phleanála agus ullmhúcháin sin tá feidhmiú na bpróiseas a bhaineann le rollú scoile, próisis a bhaineann le leithdháileadh agus ath-implonú múinteoirí, próisis maidir le ceapadh múinteoirí agus ábhair eile amhail teagmháil leis an Rannóg Pleanála agus Tógála maidir le riachtanais a bhaineann le cóiríocht scoile etc.

Cuireann na riachtanais a bhaineann le héigeandáil náisiúnta Covid-19 isteach ar

an gcumas dul i mbun na hoibre pleanála agus ullmhúcháin seo ar an ngnáthbhealach.

Beidh solúbthacht agus obair i gcomhar de dhíth le linn na tréimhse reatha seo lena chinntiú go ndéanfar an obair phleanála agus ullmhúcháin don scoilbhliain 2020/21 ar bhealach atá chomh tráthúil agus is féidir agus na srianta reatha á gcur san áireamh.

Tá an t-eolas agus an treoir seo a leanas á gcur ar fáil chun cabhrú le scoileanna le ceisteanna agus chun comhsheasmhacht a sholáthar ar fud an chórais scoile. Beidh tuilleadh comhairle á soláthar ag an Roinn de réir mar a thiocfaidh ceisteanna eile chun cinn.

## **1. Foirgnimh Scoile**

Sa chás gur roghnaigh bainistíocht na scoile leanúint ar aghaidh leis an gclár béilí scoile, féadfar foirgnimh scoile a úsáid, más gá, chun oibríochtaí a bhaineann le dáileadh a éascú.

Is eol dúinn go ndearnadh teagmháil le roinnt scoileanna maidir le foirgnimh nó áiseanna eile na scoile a úsáid chun cuidiú leis an iarracht scaipeadh an víris a shrianadh. Fáiltítear go mór roimh aon bhealaí dearfacha ar féidir leis an earnáil cúnamh a thabhairt sa ghéarchéim reatha. Mar sin féin, áit a ndearna FSS nó eagraíochtaí eile de chuid an stáit teagmháil le scoileanna ag iarraidh a gcuid áiseanna a úsáid chun cuidiú le tionchar Covid-19 a mhaolú, ní mór do scoileanna an tréimhse ama a bheidh an scoil ag teastáil ó FSS nó ó eagraíochtaí eile a chur san áireamh i dtús báire agus ba cheart aon tionchar ar athoscailt na scoile don fhoireann agus do na scoláirí a chur san áireamh nuair a bhítear ag freagairt d'iarratais den tsórt sin.

Má tá ceisteanna agat i dtaca le hiarratas ó chomhlacht stáit chun do scoil a úsáid, seol ríomhphost chuig [schoolproperty@education.gov.ie](mailto:schoolproperty@education.gov.ie) chun an t-ábhar a phlé roimh ré. Déanfaidh an Roinn iarracht freagra a thabhairt chomh tapa agus is féidir.

Ina theannta sin, rachaidh an Rannóg Pleanála agus Tógála i dteagmháil leis na Pátrúin Scoile agus leis an mbainistíocht ábhartha sna seachtainí

seo amach romhainn chun socruithe teagmhasacha a fhorbairt agus a fheidhmiú sa chás go n-imreofaí tionchar ar sholáthar na cóiríochta scoile atá ag teastáil don scoilbhliain 2020/21 mar thoradh ar Covid-19.

Má tá trealamh cosanta pearsanta (PPE) ag do scoilse agus nach dteastaíonn sé faoi láthair, féadfar é a thairiscint don Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) mar go bhfuil an oifig sin ag comhordú na dtairiscintí go léir den chineál sin ionas go bhféadfar trealamh a scaipeadh ar na seirbhísí éigeandála más gá. Féadfar é sin a dhéanamh anseo [www.gov.ie/covidsupplies](http://www.gov.ie/covidsupplies)

## **2. Monatóireacht rialta ar chumarsáid scoile**

Tá sé fíorthábhachtach go leanfadh scoileanna ag déanamh monatóireachta ar chomhfhreagras, ar chumarsáid agus ar cheisteanna ón Roinn agus ó thuismitheoirí/scoláirí agus ó pháirtithe eile agus freagairt dóibh de réir mar is cuí. Mura ndéanfar sin, cuirfear isteach, go neamhriachtanach, ar theagasc agus ar fhoghlaim na scoláirí agus ar na feidhmeanna tábhachtacha riaracháin a thacaíonn le feidhmiú na scoile agus le hathoscailt na scoile amach anseo.

D'fhéadfadh sé go mbeadh doiciméid de dhíth ar roinnt fostaithe de chuid na scoile chun teacht ar thacaíochtaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ba cheart an tseirbhís sin a éascú.

## **3. Cruinnithe den Bhord Bainistíochta**

Beidh réitigh mhalartacha de dhíth chun go bhféadfaidh Boird Bhainistíochta cruinnithe a bheith acu agus leanúint orthu ag feidhmiú agus cinntí tábhachtacha a dhéanamh i dtaca le feidhmiú scoileanna go háirithe sna laethanta dúshlánacha seo. Is eol don Roinn go bhfuil treoir tugtha ag roinnt comhlachtaí bainistíochta scoile maidir le cruinnithe boird a reáchtáil i gcomhthéacs na géarchéime reatha.

Déantar foráil in alt 13.3 (g) den Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 – 2023 d'úsáid glaonna comhdhála chun cruinnithe Boird a éascú.

Ní gá go mbeidís sin teoranta d'úsáid fón, féadfar ardáin meán eile ar líne a chur san áireamh nuair atá an Bord sásta go bhfuil bearta slándála atá oiriúnach i bhfeidhm chun rúndacht a chosaint. Sa chás gur úsáideadh fóin nó ardáin meán eile ar líne chun an cruinniú a óstáil, ba cheart é sin a chlárú i miontuairiscí an chruinnithe. Beidh feidhm i gcónaí leis na gnáthcheanglais maidir le rúndacht.

Leagtar amach in alt 13.3 (c) den Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019 – 2023 na socruithe chun go bhfanfaidh cruinnithe le córam agus iad ar siúl.

### **Nóta maidir le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí**

Fad a bheidh na bearta éigeandála seo i bhfeidhm, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí (CPOR) a sholáthar do chruinnithe boird a thionóltar ó chian le físchomhdháil nó le teilechomhdháil.

Sin de bhrí nach féidir an ceanglas go gcuirfí na doiciméid shonracha ar fáil do bhaill an bhoird ag cruinniú an bhoird a shásamh. Ní mór don Phríomhoide leanúint ar aghaidh ag coinneáil na sonraí agus na dtaifead ábhartha don CPOR agus cuirfear iad sin ar fáil ag an gcéad chruinniú aghaidh ar aghaidh eile den bhord. Ní mór go léireodh na sonraí sa tuairisc sin na cásanna a tháinig chun cinn ó cuireadh an CPOR roimhe sin ar fáil don bhord.

## **4. Achomhairc faoi Alt 29**

Ag féachaint don treoir sláinte poiblí reatha, tá socruithe malartacha á gcur i bhfeidhm ag an Roinn maidir le hachomhairc faoi Alt 29 don tréimhse seo. Rachfar i mbun comhairliúcháin leis na comhpháirtithe oideachais i dtaca leis na socruithe sin agus foilseofar na sonraí deiridh ar shuíomh gréasáin na Roinne. Rachaidh an tAonad Riaracháin d'Alt 29 i dteagmháil go díreach leis na scoileanna a bhfuil baint acu le hachomharc chun sonraí faoi na socruithe a chur in iúl dóibh.

Tá Aonad Riaracháin Alt 29 anois ag glacadh le hachomhairc ar ríomhphost chuig [section29@education.gov.ie](mailto:section29@education.gov.ie). Chomh maith leis sin, beidh an tAonad ag déanamh cumarsáide le scoileanna agus le hachomharcóirí ar an teileafón agus ar an ríomhphost a oiread agus is féidir.

## **5. Laethanta scoile a chomhaireamh chun críocha fionraí agus eisiámh buan**

Ba cheart go mbeadh a fhios ag boird nach ndéanfar an tréimhse reatha a bhfuil scoileanna dúnta do scoláirí lena linn a chomhaireamh mar “laethanta scoile” chun críche alt 24 (4) den Acht Oideachais (Leas), 2000 lena bhforáiltear nach ndéanfar scoláire a dhíbirt as scoil sula mbeidh 20 lá scoile caite tar éis d’oifigeach leasa oideachais fógra a fháil gur cheart, i dtuairim an bhoird, scoláire a dhíbirt as an scoil sin.

Ní dhéanfar an tréimhse reatha a bhfuil scoileanna dúnta lena linn a chomhaireamh ach oiread chun laethanta carnacha fionraíochta a ríomh chun críocha achomhairc faoi Alt 29 (1) (b) den Acht Oideachais, 1998. Déantar foráil in alt 29 (1) (b) d’achomharc in aghaidh cinnidh a dhéanann bord scoláire a fhionraí ón scoil ar feadh tréimhse 20 lá scoile in aon scoilbhliain ar leith.

**Nóta Tábhachtach:** Le linn na tréimhse seo, ní mór do scoileanna a chinntiú go gcuirfear foghlaim agus teagasc leanúnach agus tacaíochtaí oiriúnacha eile ar fáil do na scoláirí go léir, iad siúd a bhí ar fionraí/ar fionraí agus ag feitheamh ar chinneadh maidir le díbirt ag an am a ndearnadh an cinneadh scoileanna a dhúnadh do scoláirí san áireamh.

## **6. Beartais iontrála scoileanna agus rolluithe faoin Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018**

Ní mór go mbeadh beartais iontrála i bhfeidhm, ag teacht leis na ceanglais san Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018 agus leis na hamlínte a cuireadh in iúl roimhe seo.

Maidir leis an gceanglas dul i gcomhairle le tuismitheoirí, pátrúin agus foireann na scoileanna etc, i dtaca le beartais iontrála agus ábhair eile, féadfar úsáid a bhaint as suíomhanna gréasáin scoileanna, ardáin eile ar líne, an post, agus téacsanna, nó as cumasc de roghanna, chun daoine ar leith a chur ar an eolas faoin bpróiseas comhairliúcháin. Féach freisin mír 4 maidir le cruinnithe boird.

## 7. Leithdháileadh agus ath-implonú acmhainní teagaisc

Is gá dúinn oibriú le chéile lena chinntiú go mbeidh dóthain foirne ag scoileanna don scoilbhliain nua. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaidh scoileanna na socruithe a cuireadh in iúl dóibh go díreach le laethanta anuas a thabhairt dá n-aire agus go ndéanfaí iad a chur i bhfeidhm maidir le leithdháileadh na foirne teagaisc ar scoileanna don scoilbhliain 2020/21. Má oibrímid le chéile, féadfaimid iarracht a dhéanamh a chinntiú nach dtarlóidh ach a laghad cur isteach is féidir, agus go háirithe aon tionchar ar an scoilbhliain nua.

### Iar-bhunscoileanna

Tá an fhoireann um Leithdháileadh Múinteoirí ag próiseáil na n-iarratas ar lamháltas curaclaim faoi láthair agus leanfaidh siad á dhéanamh sin sna seachtainí seo amach romhainn. Tá an Roinn ag obair chun an próiseas sin a chur i gcrích laistigh de na gnáth-thréimhsí ama. Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh scoileanna na pointí seo a leanas dá n-aire agus go gcuirfidís i bhfeidhm iad maidir leis an bpróiseas leithdháilte múinteoirí don scoilbhliain 2020/21.

- Foilsíodh ciorcláin leithdháilte múinteoirí don scoilbhliain 2020/21 ar shuíomh gréasáin na Roinne i mí Feabhra (ciorclán 13/14/15/2020) agus dáta deiridh den 16 Márta ann do gach iarratas ar Lamháltas Curaclaim/foirmeacha CID agus foirmeacha Ath-implonnaithe.
- Ba cheart go mbeadh a bhFoirm um Staid Foirne (SP1) curtha ar ais ag gach scoil faoin am seo. Maidir le foirmeacha ath-implonnaithe, tá fhios againn go bhfuil roinnt scoileanna á gcur sin i gcrích faoi láthair. Faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, bhí na foirmeacha um lamháltas curaclaim nach raibh istigh fós le cur isteach chuig Rannóg na Leithdháilte faoin **Luan an 30 Márta**. Ba cheart aon iarratais atá fós le cur isteach a chur isteach faoi dheireadh na seachtaine seo.
- I roinnt cásanna, d'fhéadfadh impleachtaí ath-implonnaithe i gcomhair scoile a bheith i gceist má tharraingítear iarratas ar shos gairme siar

go déanach. Ní mór do scoileanna ina ndéantar iarratas ar shos gairme a tharraingt siar go déanach agus go mbeidh tionchar aige sin ar sholáthar foriomlán foirne na scoile don scoilbhliain 2020/21 ina dhiaidh sin, na foirmeacha ath-implonaithe riachtanacha a chomhlánú agus iad a chur ar ais chuig Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí Tá na sonraí maidir le hath-implonú agus na foirmeacha athlonnaithe riachtanacha ar fáil sna ciorcláin ábhartha maidir le Leithdháileadh Múinteoirí ar shuíomh gréasáin na Roinne i.e. (Ciorclán 13/14/15 de 2020).

Tabhair do d'aire, le do thoil, gur cheart don Phríomhoide, i gcás scoileanna ina ndéantar iarratais ar shosanna gairme a tharraingt siar go déanach, teagmháil a dhéanamh le Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí leis na sonraí ábhartha ag [allocations@education.gov.ie](mailto:allocations@education.gov.ie) (de réir Caibidil a Seacht de chiorclán 54/2019 - [https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/ci0054\\_2019.pdf#page=102](https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/ci0054_2019.pdf#page=102) seachas in imthosca eisceachtúla, ní cheadófar do mhúinteoir a (h)iarratas ar shos gairme a tharraingt siar níos déanaí ná an 14 Aibreán).

## **Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta**

Tá an dáta chun na foirmeacha go léir a sheoladh ar ais curtha siar go dtí an **Aoine an 3 Aibreán**.

- Faoi mar is eol duit, foilsíodh na socruithe maidir le soláthar foirne ar shuíomh gréasáin na Roinne ar an 5 Márta 2020 (ciorclán 18/2020) agus an Aoine an 27 Márta mar dháta lena gcur ar ais i dtús báire (agus é sin curtha siar anois go dtí an 3 Aibreán).

Maidir le cur ar ais na bhfoirmeacha seo a leanas:

1. Foirmeacha don phríomhphainéal ath-implonaithe
2. Foirmeacha dearbhaithe CID
3. Foirmeacha d'Achomharc Soláthair Foirne agus
4. Fógra faoi fholúntais don Oibríteoir Painéil cú

Tá sé de rogha ag scoileanna cóip scanta sínithe d'fhoirmeacha an Phríomhphainéil agus den Fhoirm um Pleanáil Foirne a sheoladh ar an ríomhphost chuig an seoladh Roinne seo a leanas ag [primaryallocations@education.gov.ie](mailto:primaryallocations@education.gov.ie). Ba cheart cóipeanna bunaidh a

choimeád sa scoil chun tagairt dóibh amach anseo.

- Chomh maith leis sin, gheobhaidh gach scoil an Fhoirm um Pleanáil Foirne an tseachtain seo chugainn agus ní mór go mbeadh na foirmeacha sin ar ais ar an gCéadaoin an 22 Aibreán.

Is mar éascaíocht do scoileanna a bhféadfadh sé go mbeadh orthu aistarraingtí déanacha ó shosanna gairme a bhainistiú atá an dáta deiridh sin ann.

*(De réir Chaibidil a Seacht de chiorclán 54/2019 -*

*[https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-](https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0054_2019.pdf#page=102)*

*[Circulars/cl0054\\_2019.pdf#page=102](https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0054_2019.pdf#page=102) seachas in Imthosca eisceachtúla, ní cheadófar*

*do mhúinteoir a (h)jarratas a aistarraingt níos déanaí ná an 14 Aibreán)*

I gcásanna ina dtarlaíonn aistarraingtí déanacha ó shosanna gairme agus go bhfuil tionchar aige sin ar an bpróiseas ath-implonaithe nó ar theidlíochtaí CID laistigh den scoil, ba cheart don Phríomhoide teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg um Leithdháiltí Múinteoirí Bunscoile leis na sonraí ag [primaryallocations@education.gov.ie](mailto:primaryallocations@education.gov.ie).

## **Cúntóirí Riachtanas Speisialta**

Tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais, tá na socruithe maidir le leithdháileadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta don scoilbhliain seo chugainn á gcur chun cinn agus tabharfar fógra ar leith do scoileanna faoin ábhar seo a luaite agus is féidir.

## **8. Iompar Scoile –**

### **Iarratais ar an Scéim Iompair Scoile um Riachtanais Speisialta**

#### **Oideachais (SEN)**

Chun leanúnachas a chinntiú ar mhaithe le leanaí a bhfuil lompar SEN de dhíth orthu le linn na tréimhse seo ina bhfuil srianta i bhfeidhm, tá pleananna á bhforbairt ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ag an Roinn do phróiseas sealadach lena gceadófar leanúint ar aghaidh ag cur iarratais ar lompar SEN isteach ag an am seo. Eiseofar tuilleadh eolais faoi seo in am tráth.



Tá na hiarratais a cuireadh isteach suas go dtí am scoir ar an Aoine an 27 Márta á bpróiseáil faoi láthair.

## **Iarratais ar an Scéim Iompair Scoile do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna**

Ba cheart a thabhairt faoi deara, i dtaca leis na Scéimeanna Iompair Scoile do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna, go bhfuil na hiarratais ar Iompar Scoile don scoilbhliain 2020/21 oscailte faoi láthair agus gur féidir teacht orthu ar líne ag [www.buseireann.ie/schooltransport](http://www.buseireann.ie/schooltransport) . . Is é an **Aoine an 24 Aibreán 2020** an dáta deiridh d'iarratais.

### **9. Ag obair le chéile:**

Is mór ag an Roinn an obair atá á déanamh ag foireann uile na scoileanna in iarracht an tionchar atá ag an ngéarchéim sláinte poiblí reatha ar scoláirí agus ar an gcóras scoile ina iomláine a mhaolú. Mar a thuigfidh tú, tá comhairle sláinte poiblí á feidhmiú ag foireann na Roinne freisin agus mar thoradh air sin tá athrú curtha ar chuid de na cleachtais oibre sa Roinn. Ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir nach bhféadfaí teileafóin a fhreagairt ná déileáil leis an bpost ar an ngnáthbhealach. Dá bhrí sin, iarraidimid ar scoileanna úsáid a bhaint as an ríomhphost, aon uair is féidir, chun teagmháil a dhéanamh leis an Roinn. (Ba cheart do scoileanna BOO teagmháil a dhéanamh lena mBOO i dtús báire). Déanfaimid iarracht ríomhphoist a fhreagairt a luaithe agus is féidir chun an chomhairle, an tacaíocht agus an treoir a theastaíonn ó údaráis scoile a sholáthar sna laethanta dúshlánacha seo.

Tá an Roinn sásta úsáid níos mó a bhaint as teagmháil ríomhphoist leis na Príomhoidí/Scoileanna go léir ag an am seo. Ba mhór againn dá bhféadfadh Príomhoidí freagra a thabhairt ar chumarsáid a luaithe agus is féidir i bhfianaise na ndúshlán atá againn ar fad inár gcuid oibre i láthair na huaire. Má tá doiciméid scanta á gcur isteach, ba cheart cóipeanna de na doiciméid bhunaidh a choinneáil

chun tagairt dóibh amach anseo. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag iarraidh comhairle, tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don chóras scoile ag an am seo agus beidh sí chomh freagrúil agus is féidir maidir le haon cheisteanna a fhaightear.

**An Rannóg um Rialachas Scoileanna**

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**1 Aibreán 2020**